

Tidy Towns Competition 2007

Adjudication Report

Centre: **Beal Atha an Ghaorthaidh** Ref: **1135**
County: **Cork (West)** Mark: **236**
Category: **A** Date(s): **28/06/2007**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2007
Overall Development Approach	50	36
The Built Environment	50	32
Landscaping	50	31
Wildlife and Natural Amenities	50	23
Litter Control	50	28
Waste Minimisation	20	11
Tidiness	30	14
Residential Areas	40	25
Roads, Streets and Back Areas	50	28
General Impression	10	8
TOTAL MARK	400	236

Overall Development Approach:

Tá fáilte mhór roimh Bhéal Átha an Ghaorthaidh chuig Comórtas na mBailte Slachtmhara 2007. Ba mhór an cuidiú a bhí i bhur bhfoirm iarratais agus sa léarscáil dhaite don bhreithneoir. Tá an chuma ar an scéal go raibh bliain ghnóthach agaibh agus naoi gcomhalta nua earcaithe chuig an gcoiste agaibh! Moltar an obair leanúnach a dhéanann sibh leis na daoine áitiúla, le hÚdarás na Gaeltachta agus le Comhairle Chontae Chorcaí. Is iomaí gné a bhaineann le Béal Átha an Ghaorthaidh, agus má leantar leis an obair fheabhsúcháin d'fhéadfadh an baile dul ar aghaidh chuig leibhéal an-ard i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Chun é sin a bhaint amach, ba chóir daoibh machnamh a dhéanamh ar phlean cúig bliana a cheapadh a léireodh spriocanna réalaíocha is féidir a bhaint amach a chuimseodh gach catagóir sa Chomórtas. Ag tabhairt san áireamh an coiste mór atá agaibh, ba chóir go mbeifí in ann é sin a bhaint amach sna míonna amach romhainn agus b'fhéidir an plan a chur isteach le bhur n-iarratas i 2008?

The Built Environment:

Bhí cuma mhaith ar an Séipéal tar éis dó a bheith péinteáilte agus chuir na ciseáin chrochta dath deas leis. Bhí cuma glan úr ar an Scoil Náisiúnta freisin agus chonaiceamar bláth a raibh cuma lus na gréine air taobh thiar d'fhoirgneamh réamhdhéanta! Ar an gcaoi chéanna, bhí cuma bhreá néata ar Chlubtheach an CLG. Cé gur bhreathnaigh Coláiste na Mumhan go maith ba chóir codanna den cheannbhrat a ghlanadh roimh chomórtas na bliana seo chugainn. Thaitin Siopa Uí Chorca, Oifig an Phoist agus Ard an Laoi go mór linn. Ba chóir an balla ag an linn snámha a phéinteáil roimh chomórtas na bliana seo chugainn.

Landscaping:

Tá bealach isteach néata chuig Béal Átha an Ghaorthaidh de bharr na faiche dea-choinnithe ar Bhóthar Inchygeelagh. Chuir na tobáin phlandáilte agus an balla ag Cros an Mhuilinn dath deas ar fáil. Is smaoineamh iontach é an bruach tírdhreachaithe le clocha tuairisciúla agus bhí meascán breá plandaí ann

chomh maith. Chonacthas suíochán le tírdhreachú deas timpeall air ar Bhóthar Bhaile Mhuirne agus thaitin an phlandáil ag an bpointe athchúrsála go mór linn. Is rud thar a bheith neamhghnách é corcán an ghorta agus bhí petunia reatha daite ina theannta fresin! Is taitneamhacht iontach é Casadh na Spride, ach bhí codanna de sách míshlachtmhar lá an bhreithnithe.

Wildlife and Natural Amenities:

Is iomaí deis atá ag Béal Átha an Ghaorthaidh sa réimse seo. Luann sibh go bhfuil na clocha cora ar an liosta rudaí atá le déanamh fós – cathain a bheidh siad críochnaithe? Tá an cothabháil leanúnach a dhéanann sibh ar na taitneamhachtaí atá ann cheana féin le moladh.

Litter Control:

Bhí smacht maith ar bhruscar ar an lá. Is maith an rud é a thabhairt ar aird gur chabhraigh leanaí agus a dtuismitheoirí agus moltar bhur smaoineamh maidir leis sin a chur ar bhonn foirmiúil mar chóras uainíochta.

Waste Minimisation:

Tá bhur gcuid oibre sa réimse seo, a chuimsíonn rannpháirtíocht na leanaí scoile, le moladh. Tugadh suntas don phointe athchúrsáilte agus gan dabht is saoráid ghnóthach é i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Is breá linn a thabhairt ar aird go bhfuil sé beartaithe agaibh cartúis dúigh a bhailiú sa chéad chéim eile den chlár íoslaghdaíthe dramhaíola.

Tidiness:

Tugadh suntas don chlár eolas a léiríonn áiteanna spéisiúla i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus bhí riocht mhaith air. Tríd is tríd, tá cuma mhaith ar chroílár uirbeach an tsráidbhaile ach spreagaigí daoine a bhfuil tithe acu agus daoine a bhfuil gnólachtaí acu ann ballaí binne agus ballaí teorann a phéinteáil agus a choimeád glan, le bhur dtoil. Cruthaíonn ballaí cloiche ag suíomhanna éagsúla ar fud an tsráidbhaile leanúnachas agus tá siad coinnithe go maith. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfar an chomharthaíocht glan agus néata.

Residential Areas:

Bhíomar an-tógtha le teach aon stór ar Bhóthar Inchygeelagh, lena ghairdín lán rósanna dearga faoi bhláth. Moltar Tig na Criose as an chuma ghlan agus shlachtmhar a bhí air. Bhí Ardán Shéamuis Uí Sheaghda ag féachaint go hálainn agus bhí na gairdíní claonta galánta. Thaitin an teach cónaithe mór ar imeall Bhéal Átha an Ghaorthaidh go mór linn de bharr a ghlaineacht agus a shlachtmhaireacht.

Roads, Streets and Back Areas:

Tá cuma réasúnta mhaith ar na ceantair seo. Cinntígí go ngearrfar na ciumhaiseanna féarach ar mhionbhóithre isteach go rialta, le bhur dtoil, mar d'fhéadfadh siad cur isteach ar chuma iomlán an tsráidbhaile.

General Impression:

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag Béal Átha an Ghaorthaidh i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus tá deiseanna suntasacha agaibh fós tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh. Déantar comhghairdeas le bhur gcoiste ar a gcuid oibre go dtí seo agus táimid ag súil leis na pleananna a bheidh agaibh sna blianta amach romhainn. Coinnigí oraibh!